# Conas a dhéanann Banc Ceannais na hÉireann maoirseacht ar ghnólachtaí agus imscrúdú ar éagóir?



Is athscríbhinn í seo den fhíseán mínithe: "Conas a dhéanann Banc Ceannais na hÉireann maoirseacht ar ghnólachtaí agus imscrúdú ar éagóir?"

Foilsíodh an físeán ar an 31 Márta 2020

**Alex:** Haigh, is mise Alex.

An féidir liom cabhrú leat?

**Ned:** Haigh, a Alex!

Ned is ainm dom.

Tá taispeántas sármhaith agaibh anseo.

Tá neart foghlamtha agam faoin obair a dhéanann sibh.

**Alex:** Go raibh maith agat, a Ned. Tá áthas orm a chloisint gur bhain tú tairbhe as.

**Ned:** Tá ceist agam ort. Rud amháin nach dtuigim: conas a dhéanann sibh maoirseacht ar ghnólachtaí agus conas a dhéanann sibh imscrúdú ar aon mhí-iompar?

**Alex:** Fadhb ar bith, a Ned. Míneoidh mé é sin duit anois.

Rialálaimid tionscal airgeadais na hÉireann, is é sin le rá bainc, comhair chreidmheasa, cuideachtaí árachais, gnólachtaí infheistíochta, bróicéirí airgeadais agus cuideachtaí íocaíochta.

Mar rialtóir, is gá dúinn maoirseacht a dhéanamh ar na gnólachtaí seo chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na rialacha agus na caighdeáin atá leagtha síos againn féin, ag ár bparlaimint agus ag an Aontas Eorpach.

Chuige sin, bainimid úsaid as straitéis ar a dtugtar "maoirseacht riosca-bhunaithe".

Ciallaíonn sé seo gur féidir linn níos mó ama a chaitheamh ag déanamh maoirseacht ar ghnólachtaí nó ar thionscail ar dóigh dóibh an dochar is mó a dhéanamh don phobal agus don chóras airgeadais dá dteipfeadh orthu.

**Ned:** Tuigim. Fíorspéisiúil.

Ach conas a oibríonn sé seo i gcleachtas?

**Alex:** Bhuel, a Ned, ar an gcéad dul síos, déanaimid athbhreithniú ar iarratais mhionsonraithe ó ghnólachtaí seirbhísí airgeadais sula ndéanaimid cinneadh i dtaobh ceadúnas a thabhairt dóibh.

Déanaimid athbhreithniú ar an leibhéal caipitil, nó ar na hacmhainní airgeadais, a bheartaíonn an gnólacht a chur isteach sa ghnó.

Breathnaímid freisin ar an tsamhail ghnó atá beartaithe mar aon lena bheartais agus nósanna imeachta.

Seiceálaimid go bhfuil daoine sinsearacha sa ghnólacht cuícháilithe agus go gcinntíonn an gnólacht go bhfuil na scileanna cuí ag a chomhaltaí foirne chun a bpoist a dhéanamh i gceart.

Is geatóir sinn ar bhealach - rialálaimid na gnólachtaí a thagann isteach agus a fhanann sa mhargadh.

Ar an dara dul síos, bíonn obair leanúnach mhaoirseachta ar bun againn. Déanaimid faireachán ar ghnólachtaí a bhíonn ag feidhmiú sa mhargadh agus bíonn rannpháirtíocht againn leo.

Ceanglaímid ar ghnólachtaí go leor eolais a chur ar fáil dúinn freisin.

Ansin, seiceálaimid an t-eolas sin chun a chinntiú go bhfuil na gnólachtaí ag cloí leis na rialacha, agus go bhfuil siad dea-rialaithe agus fónta ó thaobh airgeadais de.

Tá raon leathan uirlisí faireacháin ar ár dtoil againn freisin agus bainimid úsáid astu chun faireachán a dhéanamh ar iompar gnólachtaí.

Mar shampla, seolaimid cleachtaí siopadóireachta rúnda chun a chinntiú go gcaitheann gnólachtaí go cóir leat nuair a cheannaíonn tú táirge nó seirbhís.

Déanaimid athbhreithnithe ginearálta ar ábhair agus ar earnálacha áirithe laistigh den tionscal airgeadais.

Déanaimid faireachán ar fhógraí airgeadais chun a chinntiú go bhfuil siad cóir agus nach gcuireann siad ar míthreoir thú.

Tugaimid faoi chigireachtaí ar an láthair chun ábhair nó nithe áirithe a scrúdú.

**Ned:** Is léir go gcoinníonn sibh súil ghéar ar chúrsaí.

Ach cad a tharlaíonn má mheasann sibh go bhfuil éagóir déanta?

**Alex:** Bhuel, a Ned, má chreidimid nach bhfuil a gcuid oibleagáidí dlíthiúla comhlíonta ag gnólacht nó ag duine aonair a bhfuil gnólacht á bhainistiú aige nó aici, rachaimid i ngleic leis sin.

Uaireanta, ordóimid don ghnólacht a iompar a athrú.

Uaireanta eile, cuirfimid ár gcuid amhrais in iúl do na Gardaí, do na Coimisinéirí Ioncaim nó d'údaráis ábhartha eile.

Go minic, áfach, beidh orainn imscrúdú níos mine a dhéanamh.

Chuige sin, tá foirne dlíodóirí, cuntasóirí agus speisialtóirí imscrúdaithe againn atá oilte chun fianaise a bhailiú maidir le héagóir amhrasta.

Is féidir leo a cheangal ar ghnólacht doiciméid a chur ar fáil, is féidir leo agallamh a chur ar dhaoine aonair má mheasann siad go bhfuil eolas ag na daoine sin maidir le héagóir, agus is féidir leo cigireachtaí a dhéanamh i bhfoirgneamh gnólachta nó éisteachtaí fiosrúcháin a sheoladh go poiblí.

**Ned:** Tuigim.

Ach cad is féidir libh a dhéanamh má tá cuideachta nó duine aonair ciontach in éagóir.

**Alex:** Tá cumhachtaí forfheidhmiúcháin againn sa chás sin.

Leis na cumhachtaí seo, is féidir linn iomardú a thabhairt nó fíneáil a ghearradh i gcás gnólachta nó duine aonair nach bhfuil a gcuid oibleagáidí comhlíonta acu.

Sna cásanna is measa, is féidir linn an ceadúnas gnólachta a tharraingt siar nó cosc a chur ar dhuine aonair oibriú sa tionscal airgeadais.

**Ned:** Déarfainn go ndéanfadh sé sin cúis.

**Alex:** Is gá dúinn ardchaighdeáin a choimeád ar bun i dtionscal airgeadais na hÉireann chun go mbeidh cosaint agat nuair a cheannóidh tú táirge nó seirbhís airgeadais.

**Ned:** Míle buíochas as an soiléiriú sin, a Alex.

Is maith an rud é go bhfuil súil ghéar á coinneáil agaibh ar an tionscal airgeadais.

**Alex:** Míle fáilte romhat, a Ned!

**Ned** [go tobann sacann bó a ceann isteach sa phuball]**:** A Thiarcais! Breathnaigh ansin! Tá custaiméir eile agat!

**Alex:** Ó! Haigh!  An féidir liom cabhrú leat?

**Ned:** Is mór an chraic thú, a Alex!

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán